# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012**

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(300 marc)**

Dé hAOINE, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.
- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Topaicí 1 go 4 |
| Grúpa II | : | Topaicí 5 go 7 |
| Grúpa III | : | Topaicí 8 go 10 |

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC**, mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach* ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór d'iarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór d'iarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte le **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## Grúpa I: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) Sa bhliain 427 R.Ch. cuireadh rún roimh Chomhthionól na hAithne d'fhonn an pionós báis a leagadh ar mhuintir Mhitiléine a chealú.

(a) Déan achoimre ar na hargóintí a rinne Cléón agus Diódatas sa díospóireacht. (40)

(b) Cén cinneadh a rinne an Comhthionól ag deireadh na díospóireachta? (10)

(ii) Déan plé ar an tábhacht a bhain leis an gcumhacht chabhlaigh i gCogadh na Peilipinéise. (50)

(iii) Bhí Alcaibiaidéas ina eiseamláir bhreá den "uaillmhian mhíshocair gan smacht." (Meiggs)
Pléigh an tuairim seo faoi Alcaibiaidéas agus déan tagairt don téacs dualgais. (50)

(iv) Scríobh Túicídidéas ina réamhrá do *Stair Chogadh na Peilipinéise*: "Má fhéachtar ar na fíricí féin, feicfear gurbh é seo an cogadh ba mhó riamh."

(a) Cé na cúiseanna a thugann Túicídidéas le bonn a chur lena thuairim gurbh é Cogadh na Peilipinéise an cogadh ba mhó riamh? (30)

(b) An aontaíonn tú lena mheasúnú? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) Tar éis Chath Ghágaiméala, thosaigh Alastar ar pholasaí nua oirthearachais a tharraingt chuige féin.

(a) Cé na bealaí inar léiríodh an t-oirthearachas seo? (20)

(b) Déan cur síos ar conas mar a chuir na Macadónaigh in aghaidh oirthearachas Alastair. (30)

(ii) (a) Mínigh cén fáth a raibh sé chomh deacair sin cathair na Tuíre a ghabháil. (15)

(b) Conas a sháraigh Alastar na deacrachtaí a chuir Tuír agus a cosantóirí os a chomhair? (25)

(c) Cad a fhoghlaimíonn tú faoi charachtar Alastair ó chuntas Airrianas ar léigear agus ar ghabháil na Tuíre? (10)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar an dó a rinne Alastar ar Pheirséapoil mar a dhéanann Plútarc cur síos air. (25)

(b) Cad iad na bealaí ina bhfuil cuntas Airrianas difriúil ó chuntas Phlútarc? (15)

(c) Cé acu cuntas an ceann is inchreidte, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) Bhí Alastar ar dhuine de na ceannairí míleata ba mhó rath riamh. Cé na cáilíochtaí ba chúis leis an rath sin, dar leat? Bíodh tagairt agat do na téacsanna dualgais i do fhreagra. (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) "Ní raibh staid na Róimhe impiriúla níos truamhéalaí ag tráth ar bith eile riamh, de réir mar a dhealraítear domsa." (Sallaistias, *Ardréim agus Meath na Róimhe*)

(a) Dar le Sallaistias, cé na cáilíochtaí a chruthaigh mórgacht na Róimhe níos luaithe ina stair? (20)

(b) Conas a mhíníonn Sallaistias meathlú na Róimhe? (30)

(ii) (a) Déan cur síos ar na cúinsí ab údar do bhunú na Chéad Triúracht de Chaesar, Phoimpéas agus Crassus. (25)

(b) Mínigh cén fáth ar cuireadh deireadh leis an gCéad Triúracht. (15)

(c) Déan cur síos ar an ionradh tubaisteach a rinne Crassus isteach sa Phairtia sa bhliain 54 R.Ch. (10)

(iii) Déan plé ar an ról a ghlac an deachtóir Sulla i ngníomhréimeanna luatha Phoimpéas agus Chaesar. (50)

(iv) "Bhí Ciceаró i bhfad rócheanúil ar an moladh i gcónaí agus i bhfad róghafa le tuairimí daoine eile faoi." (Plútarc, *Beatha Chiceаró*)

Ón léamh atá déanta agat ar Phlútarc agus ar *Litreacha* Chiceаró, pléigh an measúnú cothrom de Chiceаró é seo nó nach ea. (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) (a) Rinne Ágastas maíomh gur athraigh sé cruth chathair na Róimhe. Tabhair breac-chuntas ar a mhórghníomhartha agus cathair níos áille á déanamh aige den Róimh. (20)

(b) Rinne Ágastas cathair níos sábháilte den Róimh le cónaí inti chomh maith. Conas a bhain sé é seo amach? (15)

(c) D'fhéach Ágastas leis an moráltacht thraidisiúnta a athbhunú sa Róimh. Cé na bearta a rinne sé chun é seo a chur i gcrích? (15)

(ii) Meastar gur éirigh go maith go ginearálta leis an gcéad chúig bliana de réimeas Néaró.

(a) Cé na bealaí inar éirigh go maith le Néaró an Róimh a rialú sa tréimhse sin? (20)

(b) Mínigh conas mar a chuaigh dul chun donais iompar Néaró i gcion ar chathair na Róimhe sa chuid dhéanach dá réimeas. (30)

(iii) Measann go leor staraithe gurbh é Corbulo an ginearál ba mhó san aois sin. Scríobh cuntas ar bhuanna míleata Corbulo. (50)

(iv) Scríobh Tacatas ina réamhrá le *Annála Impireacht na Róimhe*: "Scríobhfaidh mé gan seirfean gan chlaonpáirteachas." Ón léamh atá déanta agat ar na *hAnnála*, ar chomhlíon Tacatas a ghealltanas, dar leat? (50)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i) (a) Ina dhráma, *Froganna*, cén fath a gcreideann Arastafainéas go bhfuil géarghá le file san Aithin? (25)

(b) Mínigh cén fáth arb é Aescaileas an rogha thar Eoiripidéas sa dráma. (25)

(ii) Déan plé ar an úsáid a bhaineann Sophocles as an íoróin in *Éideapús Rí*. (50)

(iii) Tá an príomhcharachtar i *Proiméiteas Faoi Chuibhreach* ceangailte le carraig don chuid is mó den dráma.

I do thuairim, conas a éiríonn le hAescaileas an suíomh statach ina dhráma a shárú ionas go bhfanfaidh sé fíordhrámatúil siar go deireadh? (50)

(iv) Is sár-ionramhálaí daoine í Méidé thar aon ní eile. Pléigh an tuairim sin.
Bíodh tagairt agat do *Méidé* le hEoiripidéas mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

(i) (a) Mínigh conas mar a d'iompaigh Poiséadón ina namhaid nimhneach le hOdaiséas san *Odaisé* le Hóiméar. (10)

(b) Conas a léirigh Poiséadón a naimhdeas le hOdaiséas ar a thuras ón Traí go dtí Ithaca? (15)

(c) Cé chomh tábhachtach d'Odaiséas is a bhí an chabhair a fuair sé ó Aitéiné d'fhonn a chur ar a chumas bua a fháil ar na Suirígh? (25)

(ii) Tugann Odaiséas agus Aeinéas araon cuairt ar an Domhan Thíos. I do thuairim, cad iad na príomhdhifríochtaí idir an cuntas faoi san *Odaisé* le Hóiméar agus an cuntas faoi san *Aeinéid* le Veirgil? (50)

(iii) Déan comparáid agus codarsnacht idir carachtar Chúchulainn sa *Táin* agus carachtar Aeinéas san *Aeinéid* le Veirgil. (50)

(iv) Thar gach ní eile, déantar comóradh ar mhórgacht na Róimhe san *Aeinéid* le Veirgil.
Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairt agat don *Aeinéid* mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) Ina dhán *An Grá agus an tSíocháin,* cad atá le rá ag Proipeirtias faoin gcogadh agus faoin mbás? (20)
(b) Dar le *An Grá agus an tSíocháin,* conas mar atá i gceist ag Proipeirtias a sheanaois a chaitheamh? (15)
(c) Tar éis duit an dán seo a léamh cén éachtaint a fhaigheann tú ar Phroipeirtias? (15)

(ii) (a) Mínigh an oirbheartaíocht a d'úsáid Hannabal le buachan ar na Rómhánaigh i gcuntas Livias ar Chath Cannae. (25)
(b) Déan codarsnacht idir iompar an dá chonsal, Terentius Varro agus Aemilius Paulus, sa chuntas ar an gcath a scríobh Livias. (25)

(iii) (a) Ón léamh a rinne tú ar na sleachta dualgais as Veirgil, cén fhianaise a fheiceann tú go raibh grá don dúlra agus don taobh tíre ag Veirgil? (30)
(b) I do thuairim, an bhfuil dearcadh Veirgil ar shaol na tuaithe neamhréalaíoch? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iv) Faightear sampla iontach den scéalaíocht le haidhm mhorálta in *Baucis agus Philemon* le hÓivid. Pléigh an ráiteas seo. Bíodh tagairt agat don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) (a) Ainmnigh an cineál vása a léirítear i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X** agus abair cén fheidhm a bhí leis.(10)

(b) Déan cur síos ar an radharc a thaispeántar ar an vása. (20)

(c) Cén tréimhse sa phéintéireacht vása lena mbaineann sé? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** plean de theampall Shéas in Oilimpia.

(a) Cé a dhear an teampall seo agus cén uair a tógadh é? (10)

(b) Agus na téarmaí ailtíreachta cearta á n-úsáid agat, déan cur síos iomlán ar an teampall. Déan tagairt don phlean agus don teampall féin i do fhreagra. (20)

(c) Déan cur síos ar an maisiúchán dealbhóireachta sa teampall seo. (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** dealbh de dhia ó Mhéileas.

(a) Cén dia a léirítear anseo agus cad é a nochtann cé hé? (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (5)

(c) Cad iad na gnéithe den tréimhse seo den dealbhóireacht Ghréagach atá le feiceáil sa dealbh seo? (30)

(d) Ainmnigh dealbh amháin eile ó Mhéileas. (5)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** cuid den fhríos ón bPartanón san Aithin.

(a) Cá háit ar an bPartanón a raibh an fríos suite? (5)
(b) Cén eachtra thábhachtach a meastar a bheith á léiriú ar an bhfríos ón bPartanón? (5)
(c) Déan cur síos ar an bhfríos ón bPartanón. (20)
(d) An aontaíonn tú leis an dearcadh ginearálta go léiríonn an fríos uasphointe san ealaín Ghréagach Chlasaiceach? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) (a) Déan achoimre ar dhearcadh Shócraitéas ar an gcorpoideachas ina stát idéalach. (30)

(b) Cén cineál réim bia a mholann Sócraitéas dóibh siúd i mbun traenála? (10)

(c) An dóigh leat go mbeadh dearcadh Shocraitéis ar an gcorpoideachas inghlactha sa lá atá inniu ann? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(ii) An dóigh leat gur chruthaigh gníomhaíochtaí Dhíón i Sioracús gur leanúnaí diongbháilte de chuid Phlatón a bhí ann? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

(iii) Sa leabhar *Poblacht* le Platón, maíonn Adeimantus nach bhfuil sna fealsaimh ach "baill gan mhaith sa tsochaí." Conas a bhréagnaionn Sócraitéas líomhain Adeimantus i gcoinne na bhfealsamh? (50)

(iv) (a) Dar le Sócraitéas, conas ar tionscnaíodh an tsochaí bhunaíoch? (20)

(b) Déan achoimre ar mhíniú Shócraitéas faoi conas mar a d'fhorbair an pobal bunaíoch ina "phobal sibhialaithe." (20)

(c) Dar le Sócraitéas, cén fáth nach féidir an cogadh a sheachaint sa "phobal sibhialaithe" seo? (10)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** plean de bhaile Leiptis Mhór i dTuaisceart na hAfraice.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag **aa**, **c, f**, **g**, **k**. (15)
(b) Agus an plean á úsáid agat, tabhair stair ghairid den dá phríomhchéim i bhforbairt an bhaile agus i bhforbairt a fhoirgnimh phoiblí. (25)
(c) Mínigh ráiteas Wheeler "go ndearna an chathair ró-ualú uirthi féin" nuair a tógadh an cuan inti. (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** an taobh istigh atógtha den Bhaisleac Nova sa Róimh.

(a) Ainmnigh an tImpire a bhfuil dealbh ollmhór de suite sa chúlbhá. (5)
(b) Déan cur síos iomlán ar an mBaisleac Nova. (25)
(c) Cén fheidhm a bhíodh ag na baisleaca? (10)
(d) Cad a bhí sainiúil faoi na baisleaca sna bailte sa Bhreatain? (10)

(iii) Déan staidéar ar **Fhótagraf G** ar **Pháipéar X**.

(a) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbhóireacht seo ina heiseamláir thipiciúil de dhealbhóireacht na Róimhe? (25)
(c) Déanann Wheeler tagairt don "raon agus beogacht " i ndealbhóireacht phortráide na Rómhánach. Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairt agat do **dhá** shampla eile den dealbhóireacht phortráide ar do chúrsa. (25)

(iv) (a) Ainmnigh an saothar múrealaíne a léirítear i bh**Fótagraf H** ar **Pháipéar X**. (5)
(b) Freascó atá sa saothar múrealaíne seo. Mínigh an bunphróiseas i bpéintéireacht fhreascó. (15)
(c) An bhfuil bonn le tuairim Wheeler, dar leat, nuair a thugann sé "sárshaothar" ar an saothar múrealaíne seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (30)

---

Leathanach Bán

Leathanach Bán